

NOTAÍ

Tuairisceán Cáin Mhaoine Áitiúil

Má chuireann tú an tuairisceán seo isteach in am trátha ach, ag an dáta comhdaithe, theip ort do thuairisceán don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a chur isteach nó theip ort ceachtar an CMÁ dlite a íoc nó comhaontú íocaíochta a dhéanamh, is cóir formhuirear a chur leis an ndliteanas deiridh. Dá bhrí sin, is cóir méid na cánach iníochta i d'Fhéinmheasúnú a mhéadú de 10%.

Sa chás go dtugtar staid na CMÁ cothrom le dáta ina dhiaidh sin, beidh méid an fformhuirir srianta ag méid an dliteanais don cháin mhaoine áitiúil atá i gceist. Chun cabhair a fháil, tig leat dul i dteagmháil leis an mBrainse CMÁ ag + 353 1 738 3626.

Comhdú agus íocaíocht leictreonach shainordaitheach Cánach Ioncaim FÓGRA TÁBHACHTACH

Tá comhdú agus íocaíochtaí leictreonacha sainordaitheacha, ag baint úsáide as Seirbhís Ioncaim Ar Líne (ROS), mar chuid de straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim chun modhanna leictreonacha a bhunú mar an gnáthbhealach chun gnó cánach a reáchtáil.

Tá sonraí iomlán na ndíolúintí agus na bhfaoiseamh atá ar fáil agus chatagóirí na gcáiníocóirí a n-áirítear i gcomhdú leictreonach mandáideach le fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie ag 'Féinmheasúnú agus féinfhostaíocht' agus **ba cheart duit féachaint ar ár suíomh gréasáin roimh Fhoirm Thuairisceáin 11 phaipéir a chomhdú.**

Más duine thú atá i gceann ar bith de na catagóirí seo, ní mór duit comhdú go leictreonach, fiú más rud é go bhfuil an fhoirm thuairisceáin seo faighte agat.

Fiú mura bhfuiltear den tuairim gur Ríomh-Chomdaitheoir sainordaitheach thú, is bealach tapa, éifeachtach agus slán é ROS chun do thuairisceán a chomhdú agus do chuid cánach a íoc. Féach an fhaisnéis lastall faoi na buntáistí breise a bhaineann le húsáid ROS agus ar an bpróiseas cláraithe trí-chéim a chuirfidh ar do chumas do thuairisceán ioncaim a chomhdú go leictreonach.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim áis íocaíochta ar líne ar fáil in **mochúrsaí**, rud a ligeann do chustaiméirí nach custaiméirí ROS iad íocaíocht ar líne a dhéanamh i leith a ndliteanais cánach. Féach www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.

Cad í Seirbhís Ioncaim Ar Líne (ROS)?

Is é **ROS** an modh trína bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag soláthar a gcuid seirbhísí idirghníomhacha do chustaiméirí go leictreonach.

Is saoráid idirlín í an tseirbhís seo a sholáthraíonn bealach atá tapaidh agus slán do chustaiméirí chun tuairisceáin chánach a chomhdú, dliteanas chánach a íoc agus teacht ar a gcuid sonraí cánach. I measc phríomhghnéithe ROS tá áiseanna chun:

- tuairisceáin a chomhdú ar líne,
- íocaíochtaí a dhéanamh ar líne,
- sonraí ar líne a fháil ar chuntais phearsanta / chliaint de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim,
- dliteanas cánach a ríomh.

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh i dteagmháil le Deasc Chabhreach ROS ar + **353 1 738 3699** nó seol ríomhphost chuig **roshelp@revenue.ie**

Ag Clárú Le hAghaidh ROS

Cathain ba cheart dom clárú le haghaidh ROS?

Ba cheart duit 8 lá oibre a cheadú chun an próiseas clárúcháin a chríochnú ionas go mbeidh tú in ann logáil isteach ar ROS i gceart chun íocaíocht a dhéanamh agus tuairisceán a chomhdú faoin dáta dlite.

Conas a chláraím le haghaidh ROS?

Cliceáil ar an nasc **Seirbhísí Ar Líne** ar leathanach baile na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie**.

Tá trí chéim le bheith i do chustaiméir ROS. Ní mór gach céim a chríochnú sula mbeidh tú in ann ROS a rochtain.

Céim 1: Cuir iarratas isteach ar Uimhir Rochtana ROS (RAN)

Is í seo an chéad chéim le bheith i do chustaiméir ROS. Seolfar do RAN amach sa phost chuig do sheoladh baile.

Céim 2: Cuir iarratas isteach ar do Dheimhniú Digiteach

Ní féidir leat an chéim seo a chríochnú go dtí go bhfaighidh tú do RAN sa phost. Cuir isteach an RAN agus comhlánaigh gach cuid ábhartha. Cuirfear pasfhocal do Chóras ROS chugat sa phost.

Céim 3: Aisghabh do Dheimhniú Digiteach agus breathnaigh ar do chuntas

Ag úsáid do phasfhocal do Chóras ROS is féidir leat do Dheimhniú Digiteach ROS a aisghabháil agus a íoslódáil. Ainmníonn tú an deimhniú agus tugann tú pasfhocal don deimhniú digiteach.

A luaithe a bheidh do dheimhniú digiteach ROS aisghafa agat beidh tú in ann ROS a rochtain chun do thuairisceán a chomhdú, do cháin a íoc agus breathnú ar do chuntas.

Tuairisceán Cánach 2020 - Bileog Chabhrach - Foirm 11

Cabhróidh na nótaí sa Bhileog Chabhrach seo leat d'Fhoirm 11 - Tuairisceán Cánach agus Fhéinmheasúnú don bhliain 2020 a chomhlánú. Má theastaíonn nótaí níos mionsonraithe uait, tá an treoir **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** ar fáil ó Sheirbhís Foirmeacha agus Bileog na gCoimisinéirí Ioncaim ach glaoch ar + 353 1 738 3675.

Tá an Tuairisceán roinnte i gcatagóirí éagsúla ioncaim, creidmheasanna cánach, faoiseamh, srl. Mura bhfuil iontrálacha ar bith le déanamh agat faoi chatagóir áirithe, fág bán í agus ní gá duit ach bogadh ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile agus mar sin de. **Caithfidh tú áfach an Painéal Sonraí Pearsanta ar leathanach 3/4 den Tuairisceán a chomhlánú i gcónaí.** Tabhair aird go háirithe ar Phainéal N den Tuairisceán, iarrtar sonraí ann ar aon éileamh atá déanta agat ar fhaoiseamh i leith scéimeanna dreasachta cánach bunaithe ar mhaoin (m.sh. "Faoiseamh A. 23"). Má tá faoiseamh ar bith dá leithéid á éileamh agat, ní mór duit na sonraí atá ag teastáil a thabhairt ar leathanach 32/33 den Tuairisceán.

Íoc agus Tíolaic

Faoin gcóras Íoc agus Tíolaic, is cóir duit do Thuairisceán Cánach do 2020 a chomhdú agus do dhliteanais a íoc ar nó roimh an 31 Deireadh Fómhair 2021 (dáta dlite). Ní mór duit freisin aon iarmhéid Cánach Ioncaim atá dlite do 2020 a íoc ar an dáta sin. Is ortsa a luíonn sé do dhliteanas cánach féin a ríomh. Má chuireann tú do Thuairisceán isteach ar nó roimh an 31 Lúnasa 2021 déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, do dhliteanas a ríomh duit. Cuideoidh sé seo leat an méid ceart a íoc faoin dáta dlite, 31 Deireadh Fómhair. Má thuairiscíonn tú tar éis an 31 Lúnasa, ní féidir linn a ráthú go bhfaighidh tú admháil den fhéinmheasúnacht roimh an 31 Deireadh Fómhair agus is féidir go mbeidh ort do ríomh féin a dhéanamh.

Má chuirtear do thuairisceán isteach tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2021, gearrfa **formhuirear** ort (5% má thuairiscítear laistigh de dhá mhí, seachas sin 10%) anuas ar do dhliteanas cánach.

Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

In ionad an Tuairisceán páipéir a chomhlánú, b'fhiú duit comhdú go leictreonach trínár **Seirbhís Ar Líne (ROS)**. Déanfaidh ROS d'fhéinmheasúnú duit agus ríomhfaidh sé do dhliteanas cánach ar an bpointe boise, agus é ag insint duit cé mhéad is gá duit a íoc ar an dáta dlite. Ní asbhainfeá íocaíochtaí ar bith roimh an dáta dlite.

Is féidir leat teacht ar ROS trínár suíomh gréasáin **www.revenue.ie**.

Astuithe agus Cuntais Ghnó

Ní cóir duit aon doiciméid tacaíochta a chur isteach le do Thuairisceán ach amháin nuair a iarrtar sin ort go háirithe. Ní mór áfach doiciméid tacaíochta, lena n-áirítear cuntais ghnó, a choinneáil **ar feadh sé bliana** mar b'fhéidir go n-iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iad le haghaidh seiceála dearbhaithe nó iniúchadh a dhéanamh.

Coimeád i gcuimhne:

- Caithfidh tú cuntais ghnó a ullmhú ach ná chuir isteach iad le do Thuairisceán 2020. In ionad sin ní mór duit leathanach 8 a chomhlánadh don Phríomhcheird (agus leathanach 40 do cheird 2),
- Ná chuir liostaí ná sceidil isteach leis an Tuairisceán. Caithfead na hiomláin a bhreacadh isteach ar an Tuairisceán.
- Ná breac isteach téarmaí de leithéidí 'mar atá ceangailte', 'amhail roimhe', srl. Ní mór duit, ina ionad sin, an fhaisnéis atá á lorg a bhreacadh isteach.

Cuirfead ar ais chugat, lena gcomhlánú mar is ceart, Tuairisceáin nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán agus is féidir go mbeidh formhuirear le híoc agat má chuireann tú an Tuairisceán ceartaithe isteach go déanach.

Lánúineacha Pósta agus Páirtneirí Sibhialta

Tá oibleagáid ar lánúineacha pósta agus ar pháirtneirí sibhialta gan ach Tuairisceán Cánach Ioncaim amháin. Ní mór don tuairisceán sin ioncam agus gnóthachain chaipitiúla, bronnantais agus oidhreachtáí srl na beirte céilí nó páirtneirí sibhialta a thaispeáint, ach amháin má rinne siad rogha fhoirmiúil go ndéantar déileáil ar leith lena ngnóthaí cánach féin.

Sonraí Bainc

Ní úsáidfead na sonraí bainc a sholáthraíonn tú ar leathanach 36 den Tuairisceán ach amháin chun aisíocaíocht cánach atá dlite duit a dhéanamh.

Sínigh agus Dátaigh an Fhoirm Thuairisceáin

Sula gcuirfidh tú do Thuairisceán isteach, bí cinnte go mbeidh an Dearbhú ar leathanach tosaigh an Tuairisceáin sínithe agus dátaithe agat. Má tá tú ag cur isteach an Tuairisceáin mar sheiceadóir, chaomhnóir nó riarthóir, nó mar ghníomhaire údaraithe, luaigh an cháil ina bhfuil tú ag síniú an Tuairisceáin agus cé ar a shon / son atá tú ag gníomhú.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás

Freagraíonn na tagairtí aibíte thíos do na Painéil Iomchuí ar an Tuairisceán; freagraíonn na tagairtí uimhriúla ar an dtaobh chlé don uimhriú línte ar an Tuairisceán.

Baineann na tagairtí reachtaíochta le hAilt den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

A - Sonraí Pearsanta [1 - 20]

- 1 Má tá tú ag comhlánú an Tuairisceáin seo ar son duine aonair nach maireann breac isteach dáta báis. Rachaimid i dteagmháil leat maidir le cúrsaí ar bith nach bhfuil réitithe fós. Ag síniú an Tuairisceáin ar leathanach 1 duit, ná déan dearmad do stádas mar shínitheoir a lua.
- 2 Ní foláir an cheist seo a chomhlánú i ngach cás.
- 3 **Ní cóir an chuid seo a chomhlánú ach sa chás gur athraigh do stádas sibhialta ag Líne 2** le linn 2020.
- 4 Comhlánaigh **Líne 4** má bhí tú pósta nó i bpáirtnéireacht sibhialta roimh 1/1/2020.
- 5 Ní mór na ceisteanna seo a chomhlánadh i gcónaí nuair is Comhmheasúnú é do bhonn measúnaithe ag líne 4. (Tabhair do d'aire: Má loictear an rannán seo a chomhlánú, féadfaidh sé go mbeidh moill ar do Thuairisceán a phróiseáil.)
- 8 Tá sé tábhachtach na boscaí 'Dáta Breithe' a chomhlánú toisc go bhféadfadh díolúintí, faoisimh, agus liúntais áirithe aois-bhunaithe de leithéidí 'RAC', 'PRSA' chomh maith le creidmheasanna cánach áirithe mar chreidmheas cánach Aoise a bheith dlite.
- 9 Ní foláir an cheist seo a chomhlánú i ngach cás. Cuir tic le do thoil sa bhosca 'Tá nó 'Níl' duit féin agus, más iomchuí, do do chéile nó pháirtneír sibhialta. Féach Painéal J, leathanach 5 agus an Doiciméad Treorach maidir leis an Srianadh ar Dhaoine Aonair Ard-Ioncaim ar **www.revenue.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.
- 10 Is í an bhrí atá le "Buan-éagumasaithe" ná gan a bheith ar chumas duine mar gheall ar éigliocht mheabhrach nó choirp é / í féin a chothabháil.
- 14 Ní mór na ceisteanna seo a chomhlánadh i ngach cás.
- 15 & 16 Ní mór na ceisteanna seo a chomhlánadh más neamhchónaitheoir(i) tú nó / agus do chéile nó do pháirtí sibhialta.

B - Ioncam as Trádálacha, Gairmeacha nó Slite Beatha [101 - 167]

- Freastalaíonn an Tuairisceán ar dhá cheird. Cuir isteach an Phríomhcheird ar leathanaigh 5-8 agus Ceird 2 in Aguisín 1 ar leathanaigh 37-40. Má bhíonn níos mó ná 2 cheird agatsa nó ag do Chéile nó ag do Pháirtí Sibhialta déan Aguisín 1 a fhótagáil chun an fhoirm a chomhlánadh.
- 103 Féadtar eolas faoin gCáin Conarthaí Iomchuí, chomh maith le liosta cuimsitheach de ghníomhaíochtaí clúdaithe ag an CCI, a fháil ar **www.revenue.ie** ar "Féinmheasúnú agus féinfhostaíocht".
- 107-108 Seo é an méid a bhfuil measúnú cánach á dhéanamh ort ina leith. Tá tú inmheasúnaithe ar an nglanbhrabús coigeartaithe don tréimhse chuntasaíochta ag críochnú sa bhliain 2020 - m.sh. más gnách cuntais a ullmhú do thréimhse ag críochnú ar an 30 Meitheamh, sa chás sin is é a bheith sna brabúis inmheasúnaithe do 2020 ná brabúis na bliana dar críoch 30 Meitheamh 2020. Ní mór duit an brabús inmheasúnaithe a bhreacadh isteach ag **Líne 108**, fiú más ionann é seo agus an glanbhrabús coigeartaithe de réir **Líne 107(a)**; i gcúinsí áirithe d'fhéadfadh difríocht a bheith ann idir an méid ag **Líne 108** agus an méid atá breac isteach ag **Líne 107(a)** (mar shampla ag tús nó scor trádála).
Má dhéantar cailteanas, breac isteach an glanbhrabús coigeartaithe ag **Líne 107(b)** agus 0.00 ag **Líne 108**.
- 109 Reáchtáladh an scéim **Do Ghnó Féin a Chur ar Bun** ón 25 Deireadh Fómhair 2013 go 31 Nollaig 2018 agus tugann sé faoiseamh ó Cháin Ioncaim do dhaoine difhostaithe go fadtéarmach a chuireann gnóthas nua ar bun. Soláthrófar díolúine ó Cháin Ioncaim suas le €40,000 ar a mhéad in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse 24 mhí sa scéim do dhaoine a chuireann gnó cáilitheach ar bun; ní mór díobh a bheith dífhostaithe ar feadh 12 mhí ar a laghad sular mbunaíonn siad an gnó. **Ní bhaineann an faoiseamh i leith Bunaigh do Ghnó Féin ach le Cáin Ioncaim; ní shineann sé go dtí MSU agus ÁSPC. Beidh MSU agus ÁSPC iníoctha ar bhrabúis ar bith a thuillfead sa ghnó úr.**
- 120(c) Feirmeoir: Is éard is 'feirmeoir' atá ann ná duine atá i mbun feirmeoireachta ar thrí heicteár ar a laghad de thalamh feirmeoireachta atá faoi úinéireacht an duine sin nó léasaithe aige / aici ar feadh dhá bhliain ar a laghad díreach roimh dháta bunaithe na comhpháirtíochta.
Comharba: Is éard is 'comharba' atá ann ná duine nach mór do / di a bheith faoi bhun 40 bliain d'aois, a bheith ina f(h)eirmeoir oilte agus a bheith i dteideal 20% de bhrabús na comhpháirtíochta ar a laghad.
- 121 **Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla:** Má chríochnaíonn do thréimhse chuntasaíochta ar dháta seachas an 31 Nollaig, tugtar creidmheas don cháin iarchoimeáda trí thagairt don cháin iarchoimeáda a asbhaineadh (roimh aisíocaíocht eatramhach ar bith) i rith na tréimhse cuntasáíochta (.i. an bhonntréimhse don bhliain 2020). Ná breac isteach Cáin Chonarthaí Iomchuí ná aon chineál eile cánacha ag **Líne 121**.
- 123 -159 **Sleachta as Cuntais:** Ná cheangail do chuntais ghnó féinfhostaithe ach, ina ionad sin, comhlánaigh na *Sleachta as Cuntais* ar leathanaigh 8 (leathanach 40 do Cheird 2). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ríomh ar choigeartú cánach atá i gceist sna leathanaigh "*Sleachta as Cuntais*". Ag comhlánú na *Sleachta* seo duit, is féidir **nach** mbeidh aon rud le breacadh isteach agat faoi mhíreanna áirithe toisc go mb'fhéidir nach mbaineann an chuid sin leat. Ní mór duit áfach gach cuid iomchuí a bhfuil iontráil agat i do chuntais ina leith a chomhlánú.
Ní foláir do gach trádálaí aonair na leathanaigh *Sleachta as Cuntais* a chomhlánú, is cuma cén láimhdeachas atá acu.

C - Ioncam Cíos Éireannach [201 - 216]

Bíonn eolas ar chíosanna a fhaightear agus speansais a thabhaítear á ngabháil faoi dhá cheannteideal ar leith.

- Maoin Chónaithe
- Maoin tráchtála, talamh agus gach foinse eile d'ioncam cíos Éireannach.

Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.

- 201-216 Má tá níos mó ná maoin amháin ligthe ar cíos agat, is cóir duit ríomh ar leithligh a ullmhú ar ioncam cíos as gach maoin agus é a choinneáil. Ná bhreac isteach aon ioncam atá díolmhaithe faoin scéim Ligean-Seomra agus atá breac isteach ag **Líne 415(a)**. Má éiríonn aisghlámhadh Faoisimh "Alt 23" is é a bheith san aisghlámhadh ná Faoiseamh Iomlán "Alt 23" a deonaíodh agus is cóir é a áireamh mar 'Cíos Comhlán Infhaighte' ag **Líne 204**.

Comhlíonadh na riachtanas clárúcháin den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004

- 202 & 205(b) Maidir le ceart ar asbhaint i leith úis íoctha ar iasacht airgid a caitheadh chun maoin chónaithe ar cíos a cheannach, a fheabhsú, nó a dheisiú, braitheann an ceart sin ar chomhlíonadh na gcoinníollacha clárúcháin den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 i gcás na dtionóntachtaí ar fad a bhí i bhfeidhm i dtaca leis an mhaoin sin i 2020. Is cóir ceisteanna ar bith ar na coinníollacha/ar an bpróiseas clárúcháin a chur chuig An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, www.rtb.ie nó glaoch ar theileafón +353 1 702 8100
- 205(e) Baineann sé seo le caiteachas ar áitreabh atá folamh 12 mhí anuas ar a laghad agus a ligtear ina dhiaidh sin mar áitreabh cónaithe idir an 25 Nollaig 2017 agus an 31 Nollaig 2021. Ní mór gur tabhíodh an caiteachas le linn na 12 mhí sula ligtear an t-áitreabh mar áitreabh cónaithe.

Deireadh leis an tabhairt ar aghaidh liúntas caipiteal neamhúsáidte áirithe d'infheisteoirí éigniómhacha (Cuid 12, Caib 4A).

- 213 Baineann sé seo leis na scéimeanna áirithe maoin agus liúntais caipitil bunaithe sa cheantar do dhaoine nach bhfuil gníomhach i mbun a gcuid gairme.
- Le héifeacht ón 1 Eanáir 2015, cailltear láithreach aon liúntas caipitil luathaithe neamhúsáidte a thugtar ar aghaidh thar saol cánach an fhoirgnimh nó an struchtúir lena mbaineann siad. Go bunúsach, ciallaíonn sé seo má bhí críoch le saol cánach tráth ar bith suas go dtí deireadh na bliana 2014, go gcailltear na liúntais neamhúsáidte in 2015. Nuair atá deireadh le teacht le saol cánach níos déanaí ná 2014, cailltear na liúntais ag dul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile.
- 214 Teorannaíonn an srianadh faoi A. 409A Liúntais Chaipitiúla neamhúsáidte atá le fritháireamh, ag €31,750 i gcásanna áirithe - Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.

D - Ioncam as Fostaíochtaí, Oifigí (ar a n-áirítear Stiúrthóireachtaí), Pinsin srl, Éireannacha, Ioncam as Oifigí nó Fostaíochtaí Coigríche ag Éirí as Dualgais na nOifigí nó na bhFostaíochtaí sin á bhFeidhmiú sa Stát [217- 250]

CUID A HAON - [217 – 232]

Sa rannán seo, déanann tú tuairisceán ar d'ioncam go léir a bhí faoi réir ÍMAT.

- 220 Ní mór pá fostaíochta, mar shampla, pá comhlán lúide ranníocaíochtaí aoisliúntais ar bith atá ceadaithe chun críocha cáin ioncain, a chur isteach ar **Líne 220**. Gearrtar cáin ar ioncam fostaíochta ar bhonn admhálacha, ach ní bhaineann sé seo le stiúrthóir dílseánaigh ná i gcásanna ina bhfuil ordú eisiaimh i bhfeidhm.
- 223 Caithfidh tú ceann amháin de na catagóirí atá liostaithe ó (a) go (m) a roghnú. Tá sé tábhachtach an fhoinse cheart ioncain a roghnú, ós rud é go mbeidh tionchar aici seo ar na faoisimh is féidir leat a éileamh i gcodanna eile den tuairisceán. Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.
- 224(b) Ní mór duit a chur sa bhosca seo má rinne d'fhostóir aisíocaíocht chánach a asbhaineadh ó fhostaíocht roimhe seo. Ní mór aisíocaíocht ÍMAT a rinne na Coimisinéirí Ioncain a chur isteach ar **Líne 233**.
- 232 Tá an rannán seo ann do dhaoine ar baineadh cáin eachtrach dá dtuarastal, rud atá tar éis a bheith íoctha ó Éirinn. Ná comhlánaigh é ach san aon chás go raibh an cháin asbhainte ag stát eachtrach a bhfuil Comhaontú Cánachais Dhúbailte ag Éirinn leis. Caithfidh an méid tuarastail inchánach in Éirinn a bheith san áireamh ar **Líne 220**.
- Ná cuirtear ach an méid ioncain ar gearradh cáin air sa stát eachtrach isteach sa rannán seo. Ní féidir leis an méid seo a bheith níos mó ná an méid a cuireadh isteach ar **Líne 220**. Níor cheart éileamh ar an méid seo a dhéanamh ar **Líne 324** a thuilleadh.
- I gcás go raibh cáin eachtrach bainte de thuarastal Éireannach ag stát nach bhfuil socrú ag Éirinn leis, féachtar ar an gcáin sin mar asbhaint nuair a bhíonn ioncam inchánach á ríomh. Ba cheart éileamh i leith na hasbhainte seo a dhéanamh ar **Líne 242**.

CUID A DÓ – [230 – 250]

ÍMAT / MSU arna aisíoc i gcaitheamh na bliana

- 233 Ciallaíonn cáin aisíoctha aisíocaíocht chánach ÍMAT ar bith a bhí déanta leat, idir 1 Eanáir 2020 agus 31 Nollaig 2020, ag na **Coimisinéirí Ioncain**, agus í bainteach leis an mbliain mheasúnachta 2020. Ná cuirtear 'aisíocaíochtaí' a dhéantar tríd an bpárolla isteach anseo. Caithfear iad a chur isteach ar **Líne 224**.
- 234 Is éard is cáin ÍMAT ghearríoctha ann ná méid cánach ar bith a bhí gearríoctha agus a raibh sé mar thoradh air gur laghdaíodh do chreidmheasanna cánach. Is féidir an t-eolas seo a fháil ó do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach. Cuir an méid isteach ar **Líne 234**.
- 235 Má rinne na Coimisinéirí Ioncain aisíocaíocht MSU leat idir 1 Eanáir 2020 agus 31 Nollaig 2020 a bhain le bliain mheasúnachta 2020, ní mór seo a thuairisciú ar **Líne 235**.

Fostaíocht / pinsean / sochair inchánacha Éireannacha nach bhfuil faoi réir ÍMAT

- 236 Seo ioncam ar bith a thuill tú agus nach raibh faoi réir ÍMAT. Seans go bhfuair tú Deimhniú ar Thuilleamh maidir leis an bhfostaíocht seo. Sampla a bheadh i gceist ná pearsanra Ambasáide.
- 237(a) Gearrtar cáin ar an gcuid is mó sochair inchánach anois ag an bhfoinse. Ach ní dhéantar seo i gcás na sochar a fhaightear mar íocaíochtaí le CCSPanna (PRSAs) agus scaireanna a fhaightear saor in aisce nó ar lascaine agus ní mór iad a chur isteach ar **Líne 237(a)** dá bharr sin. Ós rud é go bhféadfadh faoiseamh a bheith dlite ar na ranníocaíochtaí seo, cuimhnigh ar fhaoiseamh a éileamh ar **Líne 508(c)**.

Asbhaintí Incheadaithe a d'éirigh san Fhostaíocht

- 240(b)(i) Costais iad seo a chlúdaíonn costas an trealamh a theastaíonn uait le haghaidh na hoibre. Folaíonn an trealamh seo uirlisí, éidí agus stáiseanáireacht. Ní na costais seo a bheith tabhaithe i bhfeidhmiú dhualgais do chuid fostaíochta agus ní mór go mbainfeadh na costais go díreach le nádúr do chuid fostaíochta. Féach www.revenue.ie le haghaidh liosta iomlán de 'Chostais Chothromráta'.
- 240(b)(ii) Caithfidh speansais a éilítear anseo a bheith tabhaithe go hiomlán, go heisiach agus go riachtanach i gcur i gcrích do chuid dualgas. Má úsáideann tú do charr, mar shampla, seans go bhfuil tú i dteideal costais tiomána a éileamh. Ní féidir leis an méid speansais ceadaithe a bheith níos mó ná an t-ioncam ÍMAT.

Asbhaint Tuilleamh Eachtrach (ATE)

- 242 Má tá tú cónaitheach in Éirinn chun críocha cánach, ach má chaitheann tú am ag obair thar lear, féadfaidh sé go bhfuil tú in ann ATE a éileamh. Tá coinníollacha áirithe ann is gá a chomhlíonadh chun cáiliú. Féach www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Iocaíochtaí, Sochair nó Pinsin Leasa Shóisialaigh faighte
Go ginearálta, gearrtar cáin ar ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

- 243 Caithfear Liúntas Cúramóra a chur isteach ar **Líne 243**.
- 244 Sochar cuardaitheora poist (féinfhostaithe) a chur isteach ar **Líne 244**.
- 245 Caithfear gach iocaíocht eile inchánach leasa shóisialaigh a chur le chéile agus iad a thuairisciú mar fhigiúr amháin ar **Líne 245**.

Scair-Roghanna feidhmithe, scaoilte nó sannaithe sa bhliain 2020

- 248 Bíonn scair-rogha i gceist nuair a thugann cuideachta rogha dá fostaíthe nó dá stiúrthóirí scaireanna a fháil sa chuideachta nó i gcuideachta ghaolmhar ar phraghas réamshocráithe. Má tá leas bainte as scair-roghanna agat féin, nó ag do chéile nó do pháirtneír sibhialta i rith na tréimhse ó 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020, cuir isteach sonraí an mhéid inmhuirir ar **Líne 248(a)** agus an Cháin Bhainteach ar Scair-Rogha (CBSR) a íocadh ar **Líne 248(b)**.

Stiúrthóireachtaí

- 250 Déanann Stiúrthóir Dílseánaigh rialú, go díreach nó go hindíreach, ar bhreis agus 15% de scairchaipiteal cuideachta.

E - Ioncam Coigríche [301 - 324]

Ioncam ón Ríocht Aontaithe

Féadfaidh daoine aonair a chónaíonn in Éirinn faoiseamh ag an bhfoinse nó aisíoc cánach a éileamh ó údarais na Ríochta Aontaithe maidir leis na foinsí ioncaim seo a leanas - **Pinsean Stáit nó Sochar Éagumais na Ríochta Aontaithe, agus, Pinsin, Blianachtaí Ceannaithe, Ús agus Ríchiosanna** a thagann chun cinn sa Ríocht Aontaithe. Ba chóir an t-éileamh ar aisíocaíocht chánach RA a dhéanamh ar Fhoirm IRL / duine aonair atá ar fáil ar shuíomh idirlín HMRC.

Tá an méid comhlán faoi dhliteanas cánach in Éirinn agus níl creidmheas dlite don cháin RA d'fhéadfadh a bheith asbhainte.

Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.

F - Ioncam as Táillí, Cúnaint, Dáiltí, srl [401 - 412]

- 401 Is cóir ioncaim as fostaíochtaí agus / nó stiúrthóireachtaí a bhreacadh isteach ní ag **Líne 401** ach i bPainéal D.
- 403(b) **Cuntas(ais) Coigiltis Speisialta:** Ná breac isteach suim ar bith anseo ach amháin má tá tusa nó do chéile nó do pháirtneír sibhialta i dteideal éileamh a dhéanamh ar aisíocaíocht DIRT.
- 404 Cuir san áireamh scruidh dhíbhinní a fuarthas ó chuideachtaí cónaitheacha luaite.
- 412 **Ioncam as Foinsí nach bhfuil luaite aon áit eile:** Breac isteach sonraí ábhartha an ioncaim faighte as foinse ar bith nach bhfuil soláthar déanta dó aon áit eile sa Tuairisceán agus luaigh an cháin a asbhaineadh más ann. Mar shampla, cuir isteach sonraí suimeanna a bhféachtar orthu mar ioncam faoi na forálacha "aistriú sócmhainní" (A. 806) agus aon scruidh dhíbhinní faighte ó chuideachtaí cónaitheacha neamhluaite.

G - Ioncam Díolmhaithe [413 - 418]

- 415(a) Má tá tú ag baint leasa as Faoiseamh Ligean-Seomra (ar cíos) luaigh an t-ioncam Cíosa comhlán a fuair tú sa bhliain 2020 do sheomra(i) i "Teach Cónaithe Cáilitheach".
D'fhéadfadh suimeanna a fhaigheann duine ó ligean seomra nó seomraí ar cíos ina (h)áit chónaithe chun críocha cónaithe, lena n-áirítear, mar shampla, suimeanna ó ligean le mic léinn i rith na bliana acadúla, agus cur ar fáil béilí nó seirbhísí eile mar chuid den ligean ar cíos, d'fhéadfaidís a bheith díolmhaithe ó cháin ioncaim má chomhlíonann siad na coinníollacha agus má tá siad faoi bhun na teorann bliantúla €14,000 le haghaidh 2020. Níl ioncam a fhaightear ó chóiríocht a chur ar fáil d'aíonna ócáideacha ar feadh tréimhsí gearr, níl sé díolmhaithe. Is féidir eolas mionsonraithe faoi na coinníollacha a bhaineann leis an bhfaoiseamh a fháil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie** ag 'Creidmheasanna cánach pearsanta, faoisimh agus díolúintí' - 'Ioncaim dhíolmhaithe'.
- 416 Faoi réir coinníollacha áirithe, murar mó an t-ioncam comhlán (roimh chostais) do 2020 as soláthar Seirbhísí Cúraim Leanaí ná €15,000, tá an t-ioncam díolmhaithe ó cháin. Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.

H - Iocaíochtaí Bliantúla, Muirir agus Ús Íoctha [501 - 514]

- 502 Más fostóir tú a d'íoc préimheanna Árachais Liachta mar pheorcais d'fhostaithe le hárachóir údaraithe agus má bhí Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse (TRS) i bhfeidhm, breac isteach anseo méid an TRS a deonaíodh duit ar na préimheanna sin. Tá faoiseamh cánach dlite don áracháil agus sin amháin, dá bhrí sin caithfear an faoiseamh a deonaíodh duit mar fhóistoir trí TRS a aisghabháil.
- 503 Tagraíonn iocaíochtaí cothabhála anseo d'íocaíochtaí arna ndéanamh ar duine idirscartha/colscartha nó duine i bpáirtneireacht shibhialta atá scaoilte chun leasa céile nó páirtneara shibhialta faoi chomhaontú atá infhorghníomhaithe faoin dlí, .i. Gníomhas Idirscartha / Riail Cúirte, srl.
- 504 Is féidir faoiseamh cánach neamhshrianta a éileamh ar chúnaint i bhfabhar aosach buan-éagumasaithe. Is féidir faoiseamh cánach a éileamh ar chúnaint i bhfabhar aosach d'aois 65 nó os cionn faoi réir shríon 5% (ní féidir an faoiseamh cánach atá ar fáil, ar chúnant amháin nó níos mó, a bheith níos mó ná 5% d'ioncam iomlán an chúnantóra).
- 508 Is é a chiallaíonn "tuillimh neamh-inphinsin" ná tuillimh ag éirí as trádáil nó gairm nó as fostaíocht neamh-inphinsin nuair nach bhfuil an duine aonair i dteideal sochar faoi scéim pinsean ceirde atá ceadaithe.
- 511 Más rud é gur stop tú agus nó do chéile nó do pháirtneír sibhialta, i 2020, de bheith i mbun 'slí bheatha shonrach' nó de bheith ag tabhairt faoi 'ghairm shonrach', mar atá sa liosta i Sceideal 23A agus más mian leat faoiseamh a éileamh faoi A. 480A breac isteach sa bhosca cuí agus tabhair an fhaisnéis arna hiarraidh. Má tá tú ag éileamh faoisimh do bhlianta roimhe maidir le Faoiseamh do Lucht Spórt Áirithe is cóir duit na sonraí ar fad a chur isteach ar leithligh chuig d'Oifig Ioncaim.
- 512 Tugann an banc, cumann foirgníochta, srl faoiseamh cánach ag an bhfoinse i leith úis íoctha ar iasacht urraithe ar phríomhtheach cónaithe duine aonair. **Ní féidir leat an faoiseamh seo, ar a dtugtar Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse (TRS), a éileamh sa Tuairisceán seo.** Is féidir leat áfach, faoiseamh cánach a éileamh anseo d'iasachtaí eile (más ann) ar phríomhtheach cónaithe, nach bhfuil urraithe ar an maoin ('iasachtaí neamhurráithe'), faoi réir srianta agus uasteorainneacha áirithe. Beidh ort na srianta agus na huasteorainneacha seo a sheiceáil (tá sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie** - nó sa treoir **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns**).

I - Éileamh ar Chreidmheasanna Cánach, Liúntais, Faoisimh agus Costais Sláinte [515 – 550]

- 515 Is é €1,600 uasmhéid Chreidmheasa Chánach do Chúramóir Baile le haghaidh 2020. Laghdaítear an méid sin de leath méid ioncain an chúramóra baile atá níos mó ná €7,200. Mar sin níl creidmheas ar bith dlite más mó ioncam an chúramóra baile ná €10,400. Má deonaíodh an creidmheas cánach sa bhliain 2019 agus go sáraíonn ioncam an Chúramóra Baile an tairseach €10,400 sa bhliain 2020, is féidir go mbeidh faoiseamh dlite fós.
- 516 Is ceadmhach creidmheas cánach fostaí a bheith éilithe ag fostaithe agus stiúrthóirí neamhdhílisithe a íocann cáin faoin gcóras ÍMAT. Anuas air sin, cáilíonn daoine a fhaigheann pinsean leasa shóisialaigh Éireannach, pinsean leasa shóisialaigh a bhíonn faighte ó bhallstát eile den AE ag cónaitheoir Éireannach, agus cónaitheoirí Éireannacha a oibríonn thar lear agus a íocann cáin faoi chóras de chineál ÍMAT, cáilíonn siad le haghaidh an chreidmheasa chánach d'fhostaí. Fiú sa chás go bhfuil tú ag baint leasa as an gcreidmheas cánach fostaí ó d'fhostóir, caithfidh tú a chur isteach sa bhosca má tá tú ag éileamh an chreidmheasa seo.
- 517 Beidh daoine féinhostaithe agus stiúrthóirí dílseanaigh nach bhfuil cáilithe den chreidmheas cánach d'Fhostaithe, in ann an creidmheas cánach i leith Ioncam arna Thuilleamh a éileamh.
- 518 Féadfaidh duine aonair atá dall aon tráth den bhliain an creidmheas seo a éileamh.
- 519 Féadfaidh daoine a dteastaíonn madra seirbhíse traenáilte nó madra cúnaimh uathu an creidmheas seo a éileamh. Teastóidh ráiteas ón eagraíocht a chuir an madra ar fáil agus é a chur in éineacht le do chéad éileamh. Féach www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais.
- 520 Féadtar creidmheas cánach uasta de €70 a éileamh má tá gaol cleithiúnach á chothú agat. Níl aon fhaoiseamh dlite sa chás gur mó ioncam an ghaoil ná €15,060 in 2020, nó má tá duine eile ag éileamh an chreidmheasa cánach seo ina iomláine.
- 521 Má bhí tú féin, do chéile, do pháirtneir sibhialta nó gaol faoi éagumas go buan mar thoradh ar éagumas meabhrach nó coirp agus má d'fhostaigh tú cúramóir, sonraigh an méid a íocadh as an gcúramóir a fhostú in 2020.
- 522 **Mura n-asbhaineann** d'fhostóir na ranníocaí Sochar Buansláinte as an bpá comhlán ag an bhfoinse, breac isteach an méid íoctha sa bhliain 2020 chun faoiseamh a éileamh. **Ná háirigh suimeanna a bhaineann le préimheanna Árachais Sláinte / Liachta.**
- 527 Táillí Teagaisc cáilitheacha íoctha sa bhliain acadúil 2020 le Coláistí Faofa le haghaidh Cúrsaí Faofa nó Cúrsaí Oilíúna Faofa. Is í an bhliain acadúil 2020 ná an bhliain staidéir a thosaíonn ar nó tar éis 1 Lúnasa 2020. **Ná cuir táillí clárúcháin, riaracháin nó scrúdaithe san áireamh.**
- 528 **Creidmheas Cúramóra Linbh do Dhuine Singil:** Más mian leat éileamh a dhéanamh le haghaidh breis agus beirt leanbh, ceangail an fhaisnéis chuí le haghaidh gach leanbh breise.
- 530 Ní thugtar faoiseamh anseo ach i dtaca le préimheanna a d'íoc d'fhostóir ar do shon. Tugtar faoiseamh ag an bhfoinse ar árachas leighis a d'íoc tú agus ní chóir é a éileamh ar an bhfoirm seo. Cuir an fhaisnéis a iarradh maidir le gach duine ainmnithe sa pholasaí / sna polasaithe.
- 532 Má bhain tú leas as an nDreasacht Athchóirithe Tí (DAT) maidir le hobair a rinneadh sa bhliain 2019 ní mór duit do chreidmheas cánach DAT a éileamh trí DAT ar líne. Níl i gceist leis an gcreidmheas cánach DAT a áireamh ach chun creidmheas sa mhéid seo a thabhairt duit chun do dhliteanas cánach a ríomh, chun cuidiú leat féinmheasúnú a dhéanamh. Ann féin, ní héileamh bailí é le haghaidh creidmheas cánach DAT.
- 533 Cuir isteach suim an Chreidmheasa Cánach d'Iascaire atá á éileamh, ag cur san áireamh gurb é €1,270 an tsuim uasta incheadaithe agus go mbraitheann sé ar thú a bheith ar an muir ar feadh 80 lá ar a laghad in 2020.
- 534 Breac isteach an Liúntas Maraí atá á éileamh ag coinneáil i gcuimhne gurb é an t-uasmhéid is incheadaithe ná €6,350 agus go ngabhann de choinníoll leis go raibh tú ar muir ar feadh 161 lá ar a laghad sa bhliain 2020.
- 537 Comhlánaigh an **Líne 537** sa chás, agus ansin amháin, gur duine inmhuirir, i 2020, an tabharthóir (A. 950).
- 539-542 Asbhain suimeanna faighte / infaighte, de leithéid aisíocaí á n-éileamh ó d'Oifig Sláinte áitiúil i dtaca le Drugaí / Cógais ar Oideas & 546-549 Dochtúra, faoi pholasaí árachais sláinte ó árachóir liachta údaraithe agus / nó faoi théarmaí éilimh ar chúiteamh, srl.
- 544-545 Samplaí de Chostais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh agus Costais Sláinte Cháilitheacha Eile ná – Costais Cháilitheacha Fiaclóireachta de réir na Foirme MED 2, seirbhísí Cleachtóra, Drugaí / Cógais Leighis Ordaithe neamh-aisíoctha, cúram sláinte i leith toirchis, máinliacht léasair súl, srl.

J - Daoine Aonair ard-ioncain: Teorannú ar úsáid Faoiseamh [601 - 603]

Baineann an Srianadh ar Dhaoine Aonair Ard-Ioncaim le duine aonair don bhliain 2020 más é 'TÁ' an freagra ar gach ceann de na trí cheist seo a leanas:

An bhfuil d'ioncam coigeartaithe cothrom le nó níos mó ná Méid Tairisí an Ioncaim? (de ghnáth €125,000, ach is féidir leis bheith níos lú sa chás go bhfuil ioncam imfhálaithe i gceist (m.sh. ús taisce)).

An bhfuil méid comhlán na bhfaoiseamh sonraithe a úsáideann tú don bhliain cothrom le nó níos mó ná Méid Tairisí an Fhaoisimh €80,000?

An bhfuil méid comhlán na bhfaoiseamh sonraithe a úsáideann tú níos mó ná 20 faoin gcéad de d'ioncam coigeartaithe don bhliain?

Ríomhtar ioncam coigeartaithe trí mhéid na bhfaoiseamh sonraithe a úsáideann tú sa bhliain a chur le d'ioncam inchánach agus ansin aon ioncam imfhálaithe a asbhaint. Má bhaineann an srianadh leat féin (nó le do chéile nó pháirtneir sibhialta), is cóir an Painéal seo agus Foirm RR1 a chomhlánú. Féach le do thoil sa *Doiciméad Treorach maidir leis an Srianadh ar Dhaoine Aonair Ard-Ioncam* ar www.revenue.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.

L - Gnóthachain Chaipitiúla - Gnóthachain Chaipitiúla don bhliain 1 Eanáir 2020 - 31 Nollaig 2020 [801 - 821]

Má dhiúscair tú sócmhainní inmhuirir le linn 2019, tabhair na sonraí atá ag teastáil i bPainéal L. Cé gur cóir an Cháin Gnóthachain Caipitiúil atá dlite ar ghnóthachain as na diúscairtí seo a bheith íoctha cheana, ní mór duit an chuid seo den Tuairisceán a chomhlánú. Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.

805(e) **Faoiseamh faoi Alt 604B** - Faoiseamh i leith Athstruchtúrá Feirme

& 806(e) Féadtar faoiseamh a éileamh ón gCáin Gnóthachan Caipitiúil le haghaidh athstruchtúrá feirme. Bainfidh an faoiseamh le talamh talmhaíochta a dhíol, a cheannach nó a mhalartú sa tréimhse ó 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2020 sa chás go bhfuil sé deimhnithe ag Teagasc go ndearnadh talamh talmhaíochta a dhíol, a cheannach nó a mhalartú chun críocha athstruchtúrá feirme. Ní mór go dtarlódh an díol, ceannach nó malartú tosaigh sa tréimhse iomchuí agus ní mór go dtarlódh an díol nó ceannach ina dhiaidh sin taobh istigh de 24 mí ón díol nó ceannach sin.

Chun an faoiseamh a éileamh, ní mór an Fhoirm Éilimh um Fhaoiseamh d’Athstruchtúrá Feirme a chomhlánú agus tá sé ar fáil ar www.revenue.ie

807 **Faoiseamh faoi Alt 604A**

Féadtar faoiseamh a éileamh ón gCáin Gnóthachan Caipitiúil i leith maoin a ceannaíodh idir 7 Nollaig 2011 agus 31 Nollaig 2014, ar diúscairt maoin den chineál sin, sa chás gur coinníodh an mhaoin sin ar feadh breis agus 7 mbliana. Ní thiofadh cáin gnóthachan caipitiúil aníos i leith an ghnóthachain inchurtha i leith na tréimhse 7 mbliana sin. Sa chás go gcoinnítear an mhaoin ar feadh 4 bliana ar a laghad agus ar feadh tréimhse níos lú na 7 mbliana, ní bheidh gnóthachan ar bith faoi dliteanas CGC sa chás go ndéantar an diúscairt ar 1 Eanáir 2018 nó dá éis.

N - Dreasachtaí Bunaithe ar Mhaoin ar a Bhfuil Faoiseamh á Éileamh sa Bhliain 2020 [901 - 935]

Má tá infheistíocht déanta agat in aon scéim dreasachtaí maoin-bhunaithe sa bhliain 2020 nó roimhe, d’fhéadfadh faisnéis a bheith agat nach mór a thuairisciú i bPainéal N. Féach **Guide to Completing 2020 Pay & File Self-Assessment Returns** chun tuilleadh eolais a fháil.

O - Féinmheasúnú Déanta Faoi Chaibidil 4 De Chuid 41A [936 - 937]

Ní mór duit, i dteannta le d’fhoirm thuairisceáin bhliantúil ioncain a chomhlánú – Foirm 11 – féinmheasúnú a dhéanamh don bhliain 2020. Ní mór duit an féinmheasúnú seo a dhéanamh tríd an gcuid fhéinmheasúnaithe den Foirm 11 a chomhlánú. Mura ndéanann tú an féinmheasúnú seo, féadfar pionós €250 a ghearradh ort.

Mar sin féin, níl ort an féinmheasúnú seo a dhéanamh má chuireann tú an Fhoirm 11 chomhlánaithe ar ais chuig an seoladh atá ar leathanach 1 ar nó roimh an 31 Lúnasa 2021. Má chomhdaíonn tú do thuairisceán comhlánaithe ar nó roimh an dáta sin, déanfaidh na Coimisinéirí féinmheasúnú ar do shonsa.

Má dhéanann tú féinmheasúnú tú féin, ní mór duit, i dteannta leis an dearbhú ar leathanach 1 den Fhoirm a shíniú, an dearbhú sa bPainéal féinmheasúnú a shíniú chomh maith. Mura shíníonn tú an dearbhú seo, ní bheidh féinmheasúnú déanta agat.

Nuair atá tú ag comhlánú an phainéil fhéinmheasúnaithe, tabhair aire dóibh seo a leanas:

- 936(a) Seo an méid loncain lomlán don tréimhse seo roimh asbhaintí nó liúntais.
- 936(b)(i) Seo an méid Cánach loncain inmhuirearaithe tar éis aon asbhaint, faoiseamh nó liúntas a thabhairt san áireamh.
- 936(b)(ii)&(iii) Seo an méid MSU inmhuirearaithe; nótaíl gur cóir MSU duit féin agus don chéile nó páirtneir sibhialta a bhreacadh síos ar leithligh.
- 936(b)(iv)&(v) Seo an méid ÁSPC inmhuirearaithe; nótaíl gur cóir ÁSPC duit féin agus don chéile nó pháirtneir sibhialta a bhreacadh síos ar leithligh.
- 936(b)(vi) Seo an tsuim Chánach loncain, MSU, agus ÁSPC inmhuirearaithe.
- 936(c)(i) Seo an méid cánach iníochta don tréimhse seo, a ríomhtar tríd an méid cánach inmhuirearaithe a laghdú de mhéid aon chreidmheas cánach atá dlite, ach roimh aon aisíocaíocht nó fhritháireamh ar cháin iarchoimeáda ag an bhfoinse atá déanta ag na Coimisinéirí loncain cheana féin a chur san áireamh.
- 936(c)(iii) Ba chóir méid aon aisíoca ar cháin iarchoimeáda ag an bhfoinse (m.sh. aisíoc eastramhach ar Cháin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT)) a bhreacadh isteach anseo.
- 936(d)&(e) Is é seo méid na cánach iníochta nó méid na cánach ró-íochta, agus coigeartú déanta chun aon aisíocaíocht nó d’aon fhritháireamh ar cháin atá coinnithe siar ag an bhfoinse atá déanta cheana féin ag na Coimisinéirí loncain a chur san áireamh.
- 936(f) Má chomhdaíonn tú an tuairisceán seo tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2021, ní mór duit formhuirear um chomhdú déanach a áireamh le d’fhéinmheasúnú. Is 5% de do dhliteanas cánach é an formhuirear seo nuair a chuirtear an Tuairisceán isteach laistigh de dhá mhí, seachas sin is 10% atá ann. Ríomhtar an formhuirear ar an méid cánach atá iníochta thuas.
- 936(g) Má chuireann tú an tuairisceán seo isteach in am trátha ach, ag an dáta comhdaithe, gur theip ort do thuairisceán don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a chur isteach nó gur theip ort ceachtar den íocaíocht don CMÁ a dhéanamh nó comhaontú íocaíochta a dhéanamh, is cóir formhuirear a chur leis an dliteanas deiridh amhail is dá mbeadh an tuairisceán seo déanach de thréimhse dhá mhí nó níos mó.
- 936(h)(i) Go ginearálta, seo an méid réamhchánach íochta do 2020.
- 936(i) (i)&(ii) Cuir isteach iarmhéid aon cháin iníochta / ró-íochta don tréimhse seo sa réimse cuí.

Cuimhnigh: Ní caithfidh tú an painéal féinmheasúnaithe a chomhlánú má chuireann tú an tuairisceán seo isteach chuig na Coimisinéirí loncain ar nó roimh an 31 Lúnasa 2021. Mura gcuireann tú an Fhoirm 11 seo isteach faoin dáta seo tá féadfar pionós €250 ort mura gcomhlánaíonn tú an chuid fhéinmheasúnaithe den Fhoirm sin.

LÉIRIÚ AMHRAIS

Soláthraítear i dtuairisceán 2020 saoráid do cháiníocóir chun léiriú amhrais a chur san áireamh faoi Alt 959P ACCán. 1997.

Is amhlaidh atá seo chun **fíor-amhras** a chur in iúl do na Coimisinéirí loncain faoi chur i bhfeidhm an dlí nó faoi chóireáil aon ábhair a chuimsítear sa tuairisceán, ar mhaithe le cuspóirí cánach. Ní mór go ndeachaigh tú i gcomhairle leis na bileoga ábhartha go léir de chuid na gCoimisinéirí loncain agus na treoirlínte go léir atá foilsithe ar ár láithreán gréasáin d’fhonn cóireáil cheart an phointe atá i gceist a dheimhniú.

Féadtar teacht ar eolas breise in Part 41A.03.00 den lámhleabhar cánach *Income Tax, Capital Gains Tax and Corporation Tax Manual* agus inár dtreoir **Guide to completing Form 11 2020 Pay & File Self-Assessment Returns**.

Níor cheart an bosca ‘nochtadh amhrais’ a úsáid le haghaidh tuairimí ginearálta agus níor cheart é a úsáid ach don chuspóir a bheartaítear.

Deartha & Priontáilte ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí loncain

